**Coirib go Cósta**
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

# Rannpháirtíocht Phoiblí – Lá Uimh. 2



**Meitheamh 2025**

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | OPW | Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council | BSM Brady Shipman Martin. Built. Environment. | ARUP

Tionólfar Lá Rannpháirtíochta Poiblí in Óstán Chuan na Gaillimhe Dé Máirt an 17 Meitheamh (3pm go 8pm) agus in Óstán an Harbour Dé Céadaoin an 18 Meitheamh (3pm go 8pm). Féach mionsonraí anseo.

Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus í ag gníomhú mar ghníomhaire d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), Arup a choimisiúnú chun Scéim Faoisimh Tuilte a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe. Cuspóir an tionscadail seo is ea measúnú agus forbairt a dhéanamh ar Scéim Faoisimh Tuilte, atá inghlactha i dtaca le cúrsaí teicniúla, sóisialta, comhshaoil, aeistéitice agus geilleagracha, chun an baol tuilte abhann agus cósta i gCathair na Gaillimhe a laghdú.

Tá an tionscadal á chur chun cinn trí Fhochéim 1 faoi láthair: Roghanna i leith faoiseamh tuilte a fhorbairt agus rogha scéime is mó a bhfuil luí leis a aithint. Mar chuid den phróiseas, táimid i mbun Imeacht Rannpháirtíochta Poiblí a thionól ar lena linn a chuirfear sraith roghanna faoisimh tuilte i láthair an phobail le go bhféadfadh an pobal tuairimí a chur in iúl ina leith. Is é an cuspóir atá leis an Imeacht Rannpháirtíochta Poiblí seo fairsinge nuashonraithe tuilte abhann agus cósta a imlíniú, an deis a chur ar fáil aiseolas a thabhairt maidir leis na roghanna faoisimh tuilte féideartha d'fhonn bonn eolais a chur faoin rogha scéime is mó a bhfuil luí leis a aithint, agus chun na chéad chéimeanna eile a leagan amach.

Tugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí cuireadh duit a bheith páirteach sa phróiseas comhairliúcháin seo. D'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar an oiread páirtithe leasmhara a bheith i láthair agus is féidir, tá 2 dheis ar fáil i gcaitheamh 2 lá chun bheith i láthair de réir na sonraí thíos.

| Óstán Chuan na Gaillimhe, H91 W295<br>Dé Máirt an 17 Meitheamh 2025<br>3pm go 8pm | Óstán an Harbour, H91 E9PR<br>Dé Céadaoin an 18 Meitheamh 2025<br>3pm go 8pm |
|---|---|

Mura féidir leat bheith i láthair i bpearsa, beidh seomra rannpháirtíochta fíorúil ar fáil a rachaidh beo ag 3pm an 17 Meitheamh 2025 anseo. Chomh maith leis sin, tabharfar deis chun aiseolas a chur ar fáil trí cheistneoir ar líne.

Ina ionad sin, iarrtar ort do chuid aiseolais a chur ar aghaidh suas go dtí an 18 Iúil 2025 chuig:

*Arup – Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe*

*Teach Corparáideach, Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach,*

*Baile an Bhriotaigh, Gaillimh,*

*H91 K5YD Éire*

Nó seol ríomhphost chugainn ag coiribgocosta@arup.com.

Gabhaimid buíochas leat roimh ré as ucht do chuid tacaíochta agus rannpháirtíochta

maidir leis an tionscadal ríthábhachtach seo ar mhaithe le faoiseamh tuilte a chur ar fáil do

Chathair na Gaillimhe.